

# Nuashonrú *Aistear*

Aighneacht Gaeloideachas, Samhain 2023 mar cuid de Céim 2 de chomhairliúcháin an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

<b>Ainm</b>	Clare Spáinneach
<b>Seoladh ríomhphoist:</b>	<a href="mailto:clare@gaeloideachas.ie">clare@gaeloideachas.ie</a>
<b>Ainm na heagraíochta/an ghrúpa:</b>	Gaeloideachas
<b>Ar mhaith le d’eagraíocht a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa chomhairliúchán ar shuíomh gréasáin CNCM?</b>	Ba mhaith
<b>Ar mhaith le d’eagraíocht go bhfoilseofaí an aighneacht scríofa seo ar shuíomh gréasáin CNCM?</b>	Ba mhaith

**Tá an dréacht leagan de Aistear nuashonraithe le moladh go mór, agus tréaslaímid leis an ngrúpa oibre a thug faoi.** Mar a bhaineann go sonrach leis an nGaeilge agus ról agus saineolas Gaeloideachas sa réimse, seo thíos ár gcuid moltaí.

## **Aitheantas do suíomhanna luath-thumoideachais**

iarann Gaeloideachas go ndéanfaí **idirdhealú soiléir agus follasach** sa leagan nua d’Aistear idir suíomhanna luath-thumoideachais – naíonraí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a fheidhmíonn go hiomlán trí mheán na Gaeilge – agus suíomhanna meán-Bhéarla ina bhfuil roinnt Gaeilge á úsáid (suíomhanna ina bhfuil CLIL i bhfeidhm san áireamh).

## **Ullmhú don cur i bhfeidhm**

Iarann ár mbaill go gcuirfí forbairt ghairmiúil leanúnach trí Ghaeilge ar fáil do naíonraí maidir leis an leagan nuashonraithe, agus go ndéanfar seo ar bhonn cnuasaigh le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Iarraimid go mbeadh laethanta aitheanta le híocaíocht curtha ar fáil le tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Iarraimid ar an CNCM a chinntiú agus iad ag plé cur i bhfeidhm Aistear leis na forais a dhéanann cigireacht ar suíomhanna luathbhlianta go bhfuil cigireacht caighdeánach agus comhleanúnach ar bun, agus go dtógann sé an comhthéacs tumoideachais ina bhfuil na naíonraí ag feidhmiú san áireamh.

## **Leagan Gaeilge**

Molaimid go ndéanfar an leagan Gaeilge a phlé le painéal ó na naíonraí le cinntiú go bhfuil sé inléite agus inúsáidte, agus nach gá brath ar leagan Béarla de le brí a bhaint as. Is féidir go mbeadh oiriúnú seachas aistriúchán díreach ar an téacs níos feiliúnaí i gcásanna áirithe, mar atá déanta i ndlínsí eile a bhfuil teangacha dúchasacha acu. Is féidir go mbeadh treoir ar fáil ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh (NALA) maidir le seo.

Tá cúpla sampla thíos de leaganacha malartacha den téacs a shíl muid bheith níos feiliúnaí don comhthéacs teanga ina bhfuil na naíonraí ag feidhmiú:

*Le hAistear, dearctar ar an luath-óige trí thrí aoisraon, a bhfuil forluí eatarthu leis na difríochtaí a léiriú sa chaoi a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga dul chun cinn nó is amhlaidh go bhfuil an fhoghlaim agus an fhorbairt uathúil casta iomlánaíoch ag gach aon duine acu*

>> Breathnaíonn Aistear ar an luath-óige ag trí raon aoise éagsúla a thrasnaíonn a chéile leis na difríochtaí a léiriú sa chaoi a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga dul chun cinn, mar tá an foghlaim agus forbairt iomlán a dhéanann siad casta, agus tá gach duine acu éagsúil.

*Is iad na haoisraonta forluiteacha*

>> Seo thíos na téarmaí do na raonta aoise éagsúla

### **Riachtanais éagsúla ag brath ar an gcomhthéacs teanga**

Ní ionann na spriocanna cumarsáide agus teanga sna suíomhanna luath-thumoideachais agus na spriocanna sna suíomhanna meán-Bhéarla ina bhfuil Gaeilge á chur chun cinn mar teanga breise, agus is gá na difríochtaí a aithint agus na treoir cleachtais, tacaíochtaí agus paraiméadair chigireachta a chur in oiriúint dóibh.

Bheidh gá a thabhairt san áireamh i gcás suíomhanna luath-thumoideachais (naíonraí):

1. Gur féidir go mbeidh áiseanna agus tacaíochtaí éagsúla de dhíth bunaithe ar comhthéacs teanga an naíonra (mar shampla, an bhfuil sé lonnaithe sa Ghaeltacht nó nach bhfuil)
2. Go bhfuil leibhéal chumais teanga éagsúla sa Ghaeilge ag foireann na naíonraí agus go bhfuil gá le forbairt ghairmiúil leanúnach cuí don leibhéal ag a bhfuil an duine le cabhrú leo saibhreas teanga a shealbhú
3. Go bhfuil an-easnamh sna tacaíochtaí atá ar fáil do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht ach go háirithe faoi láthair agus go bhfuil gá tógáil orthu leis na naíonraí a chaomhnú agus a neartú

Tá sé dearfach go bhfuil sé mar aidhm in Aistear go n-úsáidfear roinnt Gaeilge leis na páistí i suíomhanna meán-Bhéarla. Molaimid na suíomhanna meán-Bhéarla ina bhfuil Gaeilge á chur chun cinn mar teanga breise, agus tá sé tábhachtach tacaíocht a chur ar fáil leis an gcleachtas sin a leabú agus a leathnú. Beidh gá tabhairt san áireamh i gcás suíomhanna meán-Bhéarla:

1. Nach gá go mbeadh na háiseanna atá ar fáil cheana do suíomhanna luath-thumoideachais ábhartha agus inúsáidte dóibh
2. Gur glantosaitheoirí a bheidh i roinnt de na hoideoirí, a thagann ó chúlraí teanga éagsúla agus nach raibh teagmháil acu leis an nGaeilge riamh
3. Nach gá go mbeadh sé d'acmhainn ag na heagrais dheonacha a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do suíomhanna luath-thumoideachais tacaíocht a chur ar fáil do shuíomhanna meán-Bhéarla mar a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn

Maidir le pointe 3 thuas, mar a sheasann, is do naíonraí atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht sna 26 chontae a dheimhníonn go bhfuil siad ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge a chuireann Gaeleideachas tacaíocht ar fáil. Seo de réir feidhmeanna na heagraíochta, aontaithe le Foras na Gaeilge, a chuireann bunmhaoiniú ar fáil di. Bheadh aon leathnú ar na feidhmeanna seo le plé agus iomlán coinníollach ar maoiniú cuí a bheith ar fáil le cur le hacmhainneacht Gaeleideachas plé leis an réimse. Tá ballraíocht leis an eagraíocht teoranta do naíonraí atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht sna 26 chontae, agus a dheimhníonn go bhfuil siad ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.